


# Conas Logáil Isteach i do Chuntas Custaiméara



An Rialálaí  
Carthanas  
Charities  
Regulator

## Cuntas do scoile a rochtain inár dtairseach

Trí do chuntas custaiméara, is féidir le do scoil do thuarascáil bhliantúil a chur isteach agus do shonraí a nuashonrú ar an gclár. Má tá cuntas custaiméara agat leis an Rialálaí Carthanas, logáil isteach ann trí d'ainm logála isteach agus do phasfhocal a iontráil. Mura bhfuil d'ainm logála isteach nó do phasfhocal ar eolas agat nó mura bhfuil cuntas custaiméara agat,

### lean na 3 chéim shimplí thíos

#### 1 Ceap comhdaitheoir(í) údaraithe

Is ionann comhdaitheoir údaraithe agus an duine ar roghnaigh an scoil é/í chun foirmeacha amhail an tuarascáil bhliantúil a chur isteach trínár dtairseach ar líne, chun sonraí scoile amhail seoladh do scoile a nuashonrú agus chun comhalta nua den bhord bainistíochta a chur leis an gclár. Déan cinnte de go bhfuil an rochtain cheart ag na daoine cearta ar chuntas na scoile ag an am ceart. Teastaíonn litir ceadaithe - Féach céim 3 thíos.



#### 2 Bunaigh cuntas custaiméara



Is gá don chomhdaitheoir údaraithe cuntas custaiméara a bhunú anois.

Tabhair cuairt ar [www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie), téigh chuig an gcnaipe logála isteach agus cruthaigh cuntas nua.

Beidh an t-ainm logála isteach, an pasfhocal agus an seoladh ríomhphoist a iontrálfar nasctha le cuntas custaiméara an chomhdaitheora údaraithe. Coinnigh taifead ar na sonraí an-tábhachtach sin. Molaimid go n-úsáidfí seoladh ríomhphoist ginearálta neamhphearsanta a bhfuil rochtain ag níos mó ná duine cuí amháin i do scoil air, e.g., info@school.com.

#### 3 Fíoraigh an comhdaitheoir údaraithe leis an Rialálaí Carthanas

Is gá don chomhdaitheoir údaraithe logáil isteach ina c(h)untas agus foirm um chomhdaitheoir údaraithe a chomhlánú trínár dtairseach ar líne. Teastaíonn uimhir charthanasais chláraithe do scoile uaidh/uaithe chun gur féidir leis/léi an scoil cheart a roghnú. Is gá don chomhdaitheoir údaraithe an fhoirm ar líne a chur isteach, in éineacht le litir ceadaithe atá sínithe ag comhalta reatha amháin ar a laghad den bhord bainistíochta. Fíoróidh an Rialálaí Carthanas an fhoirm agus cuirfimid in iúl duit a luaithe is féidir leat do chuntas a rochtain. Is féidir le do chomhdaitheoir údaraithe tosú ansin ar do thuarascáil bhliantúil a chomhdú nó ar shonraí do scoile a nuashonrú.



## PRÍOMHLEIDEANNA!

Bí ar an eolas faoi cé hiad do chomhdaitheoirí údaraithe, bain rochtain díobh nuair a fhágann siad an scoil agus coinneigh na sonraí cothrom le dáta.

Bí ar an eolas faoi ainm logála isteach, pasfhocal agus seoladh ríomhphoist do chomhdaitheora údaraithe, coinneigh na sonraí cothrom le dáta agus coinneigh taifead orthu.



An bhfuil d'ainm logála isteach nó do phasfhocal dearmadta agat? Is féidir leat úsáid a bhaint as an nasc 'pasfhocal dearmadta' ar an tairseach.

Ní oibreoidh an nasc sin ach amháin i gcás go mbeidh an seoladh ríomhphoist a úsáidtear i gcuntas custaiméara an chomhdaitheora údaraithe ar eolas agat agus go mbeidh rochtain agat air, toisc gur chuig an seoladh sin a chuirfear an nasc chun do phasfhocal a athrú.

